Rewarding Learning

**ADVANCED**
**General Certificate of Education**
**2024**

# Irish

## Assessment Unit A2 2 (Section A)

*assessing*

Listening

**[AIR21]**

**WEDNESDAY 29 MAY, MORNING**

# TRANSCRIPT

**GCE Recording Instructions**

 Indicates track break

Each piece heard once only

Northern Ireland Council for the Curriculum, Examinations and Assessment
General Certificate of Education, Summer 2024
Irish
Advanced
Listening

Read each question carefully. Listen to the recording and write your answer in the space provided.

Make sure that you have clearly understood the instructions given on the front page of the question paper before you begin the examination.

1 Rugadh Dubhghlas de hÍde i gContae Ros Comáin ar an seachtú lá déag de mhí Eanáir sa bhliain ocht déag seasca. Tháinig sé ar an tsaol i dteaghlach Protastúnach seanbhunaithe. Bhí saol sona aige ina óige. Ní dheachaigh sé ar scoil riamh ach fuair sé a chuid oideachais sa bhaile. Chuir a athair agus aintín leis oideachas air. Bhí an-eolas aige ar theangacha; an Laidin, an Ghréigis, an Fhraincis, an Ghearmáinis chomh maith leis an Ghaeilge agus an Bhéarla. Gasúr cairdiúil a bhí ann agus bhí sé sásta i measc an phobail ag plé le gnáthdhaoine. Chaith sé cuid mhór dá chuid ama leo. Má bhí cuma shona ar an tógáil a bhí aige, tharla tragóidí tromchúiseacha dó fosta. Fuair a mháthair bás agus Dubhghlas ina ghasúr óg. Fuair Arthur, an deartháir ba shine leis, bás de dheasca galar a tháinig air agus fuair Oldfield, deartháir eile leis, bás tamall gairid ina dhiaidh sin. Mar sin de, bhí saol brónach aige ar feadh tamaill. Bhí athair Dhubhghlais ag súil go mbeadh Dubhghlas féin ina mhinistéir san eaglais agus, cé go ndeachaigh sé go Coláiste na Tríonóide sna hochtóidí, i ndeireadh na dála, shocraigh Dubhghlas gan dul leis an mhinistreacht. Ar ball, d'fhoilsigh de hÍde moll mór leabhar ar an bhéaloideas. Sa bhliain ocht déag ochtó, foilsíodh a chéad leabhar filíochta faoin ainm cleite An Craoibhín Aoibhinn. Nuair a chuaigh sé go Coláiste na Tríonóide, ní raibh sé ach fiche bliain d'aois. Bhí ocht dteanga ar eolas aige ag an am sin. Bhain sé céim amach sa dlí agus sa chreideamh. Bhí eolas agus léann an-leathan aige. Bhí rud sa bhreis aige ar na daoine eile, áfach, agus ba é sin an léann dúchais. Thuig sé cé chomh tábhachtach agus a bhí an teanga Ghaeilge. B'shin an uair a chuir sé roimhe rud éigin a dhéanamh ar son na Gaeilge. Ar an aonú lá de mhí Iúil ocht déag nócha a trí, i gcomhpháirt le hEoin Mac Néill, bhunaigh Dubhghlas de hÍde Conradh na Gaeilge.

*Source: Examiner*

2 Tá tuismitheoirí ar fud na tíre iontach imníoch faoi na harduithe atá tagtha ar na costais a bhaineann lena bpáistí a chur ar ais ar scoil i mbliana. D'fhoilsigh Barnardos, carthanacht do pháistí, torthaí an tseachtain seo ar shuirbhé a rinne siad le tuismitheoirí maidir leis na costais a bheidh orthu chun na páistí a chur ar ais ar scoil san fhómhar. Léirigh an suirbhé gurbh é costas na héide scoile an príomhbhuaireamh a bhí ar thuismitheoirí. Dúirt deich faoin chéad de na tuismitheoirí go mbeadh orthu iasacht a fháil nó dul i muinín cárta creidmheasa. Tá Barnardos ag impí ar an rialtas tuilleadh tacaíochta a chur ar fáil do theaghlaigh atá ag streachailt mar gheall ar an chostas a bhaineann lena bpáistí a chur ar ais ar scoil. Tá go leor teaghlach faoi bhrú cheana féin ag na harduithe atá tagtha ar an chostas maireachtála, agus is ualach eile sa bhreis é an costas a bhaineann le páistí a chur ar ais ar scoil. Cosnaíonn sé breis agus ceithre chéad euro, de réir na bhfigiúirí ón tsuirbhé a rinne Barnardos, do na bunrudaí atá de dhíth ar dhalta i Rang a 4, agus breis agus ocht gcéad euro do dhalta atá ag dul isteach sa chéad bhliain sa mheánscoil. Dúirt urlabhraí ar son Barnardos gurb iad na tuismitheoirí atá ar ioncam íseal an grúpa is mó atá ag streachailt i mbliana. Dúirt an t-urlabhraí go bhfuil cúpla príomhéileamh ag Barnardos. Tá siad ag iarraidh ar an rialtas leabhair scoile a chur ar fáil saor in aisce do gach páiste agus tá siad ag iarraidh ar na scoileanna éide scoile chaighdeánach, atá ar acmhainn na dtuismitheoirí, a mholadh do na siopadóirí. Tuairiscíodh an tseachtain seo fosta go bhfuil ardú tagtha ar phraghas an bhreosla agus ar phraghas an bhia. Caithfear infheistíocht a dhéanamh i mbliana chun tacú leis na teaghlaigh atá faoi bhrú airgid agus na páistí ag dul ar ais ar scoil, dar leis an urlabhraí.

*Foinse 'Tá tuismitheoirí ar fud na tíre ag déanamh imní faoin ardú ar an gcostas filleadh ar an scoil' by Bridget Bhreathnach, 04 Lúnasa 2022. © Tuairisc.ie*

This is the end of the recording.